



Eleathanach 398



Dé Luain, an 6 Nollaig 2021

Bainigí taitneamh as an mbriseadh. Beidh an Eleathanach ar ais arís ar an 17 Eanáir 2022



Fear sneachta gan aon sneachta!

In Albuquerque, sna Stáit Aontaithe, ní bhíonn a lán sneachta acu gach bliain ach fós bíonn siad ag iarraidh fear sneachta a thógáil.

Le 26 bliain anuas, tógann grúpa fear sneachta ollmhór agus seasann sé ar thaobh an bhóthair. I mbliana, tá an fear sneachta níos mó ná 3.7 méadar in airde.

Baineann an grúpa úsáid as **tom rothlaim** agus as ábhar athchúrsáilte. Is píosa de phlanda é an tom rothlaim agus séideann an ghaoth é ar fud na háite agus scaipeann sé síolta.

Tosaíonn an grúpa ag bailiú an ábhair don fhear sneachta chomh luath le mí Lúnasa, agus mar sin, ní haon ionadh go bhfuil sé an-mhór.

Beidh an fear sneachta seo ar thaobh an bhóthair go dtí tús mhí Eanáir.



tom rothlaim

Ireland's Fittest Family

Tá an clár teilifíse *Ireland's Fittest Family* ar ais ar an teilifís gach Domhnach faoi láthair. Is í Mairéad Ronan an láithreoir agus is iad Davy Fitzgerald, Anna Geary, Derval O'Rourke, agus Donncha O'Callaghan na hoiliúnoirí.

Tosaíonn an clár gach bliain le 15-20 teaghlach agus bíonn áthas an domhain ar an teaghlach agus ar an oiliúnoir a bhuanann an comórtas. Níos luaithe i mbliana bhuaigh teaghlach ó fhoireann Davy agus beidh sé ag síuil le bua eile an uair seo.

Le déanaí, chuala muid go mbeadh clár speisialta le daoine cáiliúla ar siúl arís i mbliana. Beidh an clár seo ar siúl ar an 29 Nollaig. I measc na ndaoine cáiliúla beidh *The Happy Pear* agus Sinéad Quinlan agus a dteaghlach.



Comórtas ealaíne: portráidí

Ainmníodh na buaiteoirí sa chomórtas Zurich Young Portrait Prize le déanaí. Ghlac 20 ealaíontóir óg páirt sa chomórtas. Bhuaigh Della Cowper-Gray an comórtas le pictiúr a rinne sí dá hathair.

Beidh na pictiúir go léir ar taispeánt i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann go dtí mí Aibreáin agus ansin beidh taispeántas eile i gCorcaigh.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

